# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

Le haghaidh saorealaíontóirí aonair agus oibrithe sna healaíona ag staid ar bith dá ngairmréimeanna

Maoiniú idir **€1,500 – €5,000**

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

the arts council
an chomhairle ealaíon

# Clár na nÁbhar

**Tábhachtach** 5

**1. Eolas maidir le Dámhachtain Lúfaireachta 2024** 7

1.1 Cad iad na hathruithe atá ann in 2024? 7

1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 8

1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 10

1.4 Cá mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith? 10

1.5 Cad iad na foirmeacha ealaíne nó na cleachtais ealaíon ar féidir iarratas a dhéanamh orthu? 11

1.6 Cén ghníomhaíochtaí ar féidir maoiniú a fháil ina leith? 16

1.7 Cad iad na costais ar féidir iarratas a dhéanamh orthu? 16

1.8 Cad iad na gníomhaíochtaí agus na costais nárbh fhéidir iarratas a chur isteach ina leith? 17

1.9 Cáipéisí tacaíochta riachtanacha 18

1.10 Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo 19

1.11 Tacaíocht d'iarratasóirí faoi mhíchumas 20

1.12 Cabhair theicniúil a fháil agus iarratas á chur isteach 21

1.13 Cabhair a fháil ón bhFoireann Lúfaireachta 22

# Clár na nÁbhar

**2. Sula gcuireann tú iarratas isteach** **24**

2.1 Bris an próiseas iarratais ina chéimeanna 24

2.2 Cláraigh go luath i gcomhair cuntas Seirbhísí ar Líne 25

2.3 Déan na bogearraí ar do ríomhaire a sheiceáil sula gcuirtear iarratas isteach 25

2.4 Glac do chuid ama chun d'iarratas a ullmhú 26

2.5 Ullmhaigh do chuid ábhair thacaíochta 27

2.6 Bailigh aon naisc URL a theastaíonn uait a úsáid 28

2.7 Déan teagmháil le haon chomhoibritheoirí a luaithe is féidir 29

2.8 Freastail ar ár gclinicí ar líne 29

**3. Comhlánaigh d'fhoirm iarratais** **30**

3.1 Conas freagra a thabhairt ar gach ceist 31

**4. Cuir d'iarratas isteach** **34**

4.1 Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d'iarratas 34

4.2 Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil 34

4.3 Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air 35

4.4 Cuir méid an mhaoinithe a iarradh isteach 35

4.5 Uaslódáil do cháipéisí agus cuir d'iarratas isteach 36

# Clár na nÁbhar

**5. 5.Tar éis duit iarratas a chur isteach – céard a tharlaíonn ansin? 39**

5.1 An chaoi a ndéanaimid cinntí 39

5.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d'iarratas 40

5.3 Próiseas scórála 42

5.4 Scór breise d'iarratasóirí nach raibh maoinithe ag an gComhairle Ealaíon roimhe seo 44

5.5 Sampla d'iarratas a scóráil 44

5.6 Cad a tharlaíonn sa chás go n-éiríonn le d'iarratas? 45

5.7 Cad a tharlaíonn mura n-éireoidh le d'iarratas? 45

5.8 Achomharc a dhéanamh 46

# Tábhachtach

- Teastaíonn cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS) uait chun iarratas a chur isteach don Dámhachtain Lúfaireachta.

  D'fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil dúinn chun do chlárúchán a phróiseáil.

- Ní mór do do chlárúchán a bheith i d'ainm féin – e.g. má chláraíonn tú agus má chuireann tú isteach ar mhaoiniú faoin ainm Máire de Barra, caithfidh gach cáipéisíocht, lena n-áirítear do shonraí bainc agus cánach, a bheith faoin ainm sin. Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry. Má thagann rath ort agus iarratas á chur isteach agat, ní íocfaimid maoiniú ar bith ach amháin isteach i gcuntas bainc i seilbh d'ainmse.

  Má theastaíonn tacaíocht uait le d'iarratas mar gheall ar mhíchumas, déan teagmháil linn chomh luath agus is féidir trí ríomhphost a sheoladh chuig access@artscouncil.ie

  Faigh tuilleadh eolais faoi thacaíochtaí d'iarratais leis an míchumas.

# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

1

## Eolas maidir le Dámhachtain Lúfaireachta

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

the arts council an chomhairle ealaíon

# 1. Eolas maidir le Dámhachtain Lúfaireachta 2024

Is scéim mhaoinithe de chuid na Comhairle Ealaíon í an Dámhachtain Lúfaireachta le haghaidh ealaíontóirí gairmiúla, saorealaíontóirí agus cleachtóirí aonair sna healaíona. Féachann Dámhachtain Lúfaireachta 2024 le tacaíocht a thabhairt dóibh siúd nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon roimhe seo mar dhuine aonair, chomh maith le leanúint de bheith ag tacú le healaíontóirí a bhfuair maoiniú ón gComhairle Ealaíon roimhe seo.

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar an Dámhachtain Lúfaireachta más mian leat:

- Do chleachtas a fhorbairt
- Do shaothar a fhorbairt
- Do scileanna a fhorbairt

Tacaímid le hiarratais a mhíníonn an chaoi a rachaidh forbairt do chleachtais nó do scileanna chun tairbhe do do chuid oibre.

Insítear sa cháipéis seo duit faoi:

- Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh
- An méid maoiniúcháin ar féidir leat cur isteach air?
- Na cineálacha oibre agus gníomhaíochtaí ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith

## 1.1 Cad iad na hathruithe atá ann in 2024?

Tá roinnt athruithe déanta againn ar an Dámhachtain Lúfaireachta do 2024. Déan an liosta thíos a sheiceáil go cruinn maidir le haon athruithe a bhaineann leatsa.

- Níl ach aon bhabhta amháin den Dámhachtain Lúfaireachta in 2024.
- Féachann Dámhachtain Lúfaireachta 2024 le tacaíocht a thabhairt do líon níos airde iarratasóirí nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon roimhe seo mar ealaíontóir nó chleachtóir aonair sna healaíona. Féach ar chuid 5.4 Scór breise d’iarratasóirí nach raibh maoinithe oimhe seo chun tuilleadh eolais a fháil.
- Táimid ag laghdú líon na gcáipéisí riachtanacha nach mór duit a thabhairt dúinn i d’iarratas.

- Is féidir leat cur isteach anois ar an Dámhachtain Lúfaireachta **agus** ar aon bhabhta amháin den Dámhachtain Sparánachta in 2024.

Seol ríomhphost chuig agilityaward@artscouncil.ie má tá ceist ar bith agat faoin na hathruithe seo.

## 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an Dámhachtain Lúfaireachta oscailte d'ealaíontóirí gairmiúla, do shaorealaíontóirí gairmiúla agus do chleachtóirí sna healaíona gairmiúla ar cónaitheoirí de chuid Phoblacht na hÉireann iad.

Ach, i líon teoranta cásanna, féadfaimid glacadh le hiarratais ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit a lua i d'fhoirm iarratais an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n ealaíon i bPoblacht na hÉireann. Chaithfimis a bheith sásta le do mhíniú.

- Ní mór uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PSP) a bheith agat chun a bheith ábalta iarratas a chur isteach.
- Is féidir leat iarratas a chur isteach ar an Dámhachtain Lúfaireachta más ealaíontóir gairmiúil, saorealaíontóirí gairmiúil nó cleachtóir ealaíon thú (mar a shainítear thíos)

### Ealaíontóir gairmiúil

Is duine thú lena mbaineann an méid seo a leanas:

- Duine atá go gníomhach ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir in aon fhoirm ealaíne. .
- Duine a áiríonn a gcuid cleachtais ealaíne mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.

### Saorealaíontóir gairmiúil

Is duine thú nach bhfuil fostaithe nó nach bhfuil conradh lánaimseartha agat ar bhonn lánaimseartha ag na grúpaí seo a leanas:

- Eagraíochtaí ealaíona arna maoiniú trí chláir de chuid na Comhairle Ealaíon
- Eagraíochtaí ealaíona a mhaoinítear trí fhóirdheontais dhíreacha ón stát
- Aonán tráchtála ealaíon

### Cleachtóir sna healaíona gairmiúla

- Is duine thú a gcuireann do chuid oibre le forbairt na n-ealaíon in Éirinn.

**Nóta maidir le hiarratasóirí nua nó iarratasóirí nach raibh maoinithe ag an gComhairle Ealaíon roimhe seo**

Féachann Dámhachtain Lúfaireachta 2024 le tacaíocht a thabhairt do líon níos airde iarratasóirí nua agus iarratasóirí fillte nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon mar ealaíontóir nó mar chleachtóir aonair sna healaíona roimhe seo. Féach ar chuid 5.4 Scór breise d'iarratasóirí nach raibh maoinithe roimhe seo chun tuilleadh eolais a fháil.

**Nóta maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht**

Spreagaimid iarratasóirí ó gach cearn den phobal, lena n-áirítear daoine lena mbaineann na critéir seo a leanas:

- Aois
- Stádas sibhialta
- Míchumas
- Inscne
- Stádas teaghlaigh
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cine
- Reiligiún
- Claonadh gnéis
- Stádas socheacnamaíoch

Faigh tuilleadh eolais maidir le beartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimhsitheacht (CÉI) na Comhairle Ealaíon.

## 1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas má bhaineann tú le haon cheann de na catagóirí seo:

- ✗ Eagraíocht
- ✗ Mac léinn fochéime lánaimseartha (lena n-áirítear bonnchúrsaí)
- ✗ Ag lorg tacaíochta i dtreo táillí le haghaidh oideachas iarchéime/ardoideachais nó stáidéir (lena n-áirítear cúrsaí neamhchreidiúnaithe)
- ✗ Duine atá ag lorg tacaíochta i dtreo oibre a rinneadh mar chuid de chúrsa foirmiúil staidéir, d'intéirneacht nó d'obair dheonach
- ✗ Ealaíontóir neamhghairmiúil nó cleachtóir neamhghairmiúil sna healaíona – e.g. duine nach bhfuil ag tabhairt go gníomhach faoi ghairm bheatha sna healaíona
- ✗ Duine atá fostaithe nó ar conradh téarma shocraithe ar feadh dhá bhliain ar a laghad ar bhonn buan lánaimseartha le heagraíocht ealaíon a mhaoinítear trí chláir na Comhairle Ealaíon nó trí fhóirdheontas díreach ón stát, nó le heintiteas ealaíon tráchtála.
- ✗ Duine nach bhfuil ina chónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann. Féach ar chuid 1.2 don eisceacht maidir leis seo.

## 1.4 Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?

- Is féidir leat iarratas a chur isteach ar idir €1,500 agus €5,000.
- Ní féidir leat iarratas a chur isteach ar aon mhéid níos lú ná €1,500 nó níos airde ná €5,000.
- Mar sin féin, féadfaidh ealaíontóirí nó cleachtóirí ealaíon faoi mhíchumas costais rochtana breise a chur san áireamh ina n-iarratas. Tá sé seo ar leithligh ón méid a iarrann tú le haghaidh do thogra.
- Faigh tuilleadh eolais maidir le tacaíocht d'iarratasóirí faoi mhíchumas

## 1.5 Cad iad na foirmeacha ealaíne nó na cleachtais ealaíon ar féidir iarratas a dhéanamh orthu?

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar mhaoiniú don Dámhachtain Lúfaireachta le haghaidh na foirmeacha ealaíne agus na cleachtais ealaíne seo a leanas:

- Ailtireacht
- Rannpháirtíocht sna hEalaíona (cleachtas ealaíon a dhíríonn ar chomhoibriú le pobail chun ealaín a chruthú nó a léiriú ar bhealach a mbeidh tairbhiúil do gach páirtí)
- Sorcas
- Damhsa
- Féilte
- Scannán
- Litríocht
- Ceol
- Ceoldrámaíocht
- Ealaíona Sráide agus Seónna
- Na hEalaíona Traidisiúnta
- Amharclannaíocht
- Na hAmharc-ealaíona
- Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)

Táimid oscailte d'iarratais ó dhaoine gairmiúla freisin a oibríonn i léirithe cruthaitheacha nó léirmhínitheacha iolracha. Áirítear leis seo cleachtais ildisciplíneacha agus cleachtais dhigiteacha. Féadfaidh tú iarratas a chur isteach ar mhaoiniú faoi do phríomhfhoirm ealaíne nó do phríomhchleachtas ealaíon.

Tá a sainmhínithe nó a bhfócas ar leith féin ag foirmeacha ealaíne áirithe don Dámhachtain Lúfaireachta. Féach ar an dtábla thíos chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Architecture** - Ní mór duit a bheith i d'**ailtire** nó i do **chéimí ailtireachta**.

**Rannpháirtíocht sna hEalaíona** - Ní mór an méid seo a leanas a bheith uait:

- Comhoibriú le daoine nach ndaoine gairmiúla sna healaíona iad chun saothar ealaíne a chruthú leo
- Do chuid cleachtais ealaíonta a fhorbairt maidir le Rannpháirtíocht sna hEalaíona trí dheiseanna forbartha gairmiúla

**Sorcas** - Ní mór duit a bheith:

- I d'ealaíontóir sorcais clasaiceach nó i d'ealaíontóir sorcais comhaimseartha atá ag iarraidh do scileanna agus do chleachtas ealaíonta a fhorbairt
- Léiritheoir, stiúrthóir, rigeálaí nó teicneoir a oibríonn i réimse an tsorcais go sonrach

D'fhéadfadh sé gur mhaith le cleachtóirí sorcais óige iarratas a chur isteach faoi Dhaoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO). D'fhéadfadh sé gur mhaith le cleachtóirí sorcais sóisialta iarratas a chur isteach faoi Rannpháirtíocht sna hEalaíona chun a gcleachtas sna réimsí seo a fhorbairt.

**Damhsa** - Ní mór spriocanna ealaíonta nó forbartha gairmiúla soiléire a bheith ag do thogra.

Ba cheart duit aon aidhmeanna de do ghníomhaíocht a chur san áireamh freisin, amhail ionchuimsitheacht, sláinte, folláine nó forbairt an phobail.

**Féilte** - Ní mór duit a bheith i do dhuine atá ag iarraidh a scileanna agus a gcleachtas a fhorbairt mar:

- Dhéantóir féile
- Léiritheoir féile
- Chláraitheoir féile

Ní mór spriocanna forbartha gairmiúla soiléire a bheith ag do thogra, amhail meantóireacht a fháil ó chleachtóirí féile, forbairt coimeádaíochta nó léiriúchán eile.

Nóta: ní bhaineann seo le healaíontóirí ar mhaith leo a saothar féin a thaispeáint ag an bhféile Más é seo atá i gceist agat a dhéanamh, ba cheart duit iarratas a chur isteach faoin bhfoirm ealaíne cuí ina ionad sin (e.g. amharclannaíocht)

**Scannán** - Is féidir leat iarratas a chur isteach más ealaíontóir scannáin thú a chruthaíonn **scannáin thurgnamhacha agus/nó scannáin gan insinte** don **taispeántas scannánaíochta.**

Caithfidh tú a bheith in ann do chleachtas a léiriú sa réimse seo.

Ní thugaimid tacaíocht d'iarratais ar mhaithe le gnáthscríbhneoireacht scáileáin, gnáthscannánóireacht nó gnáthchraoltóireacht teilifíse.

**Litríocht** - Is féidir leat iarratas a chur isteach ar na cineálacha **scríbhneoireachta liteartha** seo a leanas:

- Ficsean, filíocht agus neamhfhicsean cruthaitheach (cuimhní cinn agus aistí)
- Úrscéalta grafacha
- Ficsean agus filíocht do leanaí
- Leabhair phictiúr mhaisithe

Is féidir leat a chur isteach ar an scríbhneoireacht Béarla agus Gaeilge.

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith an méid seo a leanas:

- Scríbhneoireacht scáileáin
- Iriseoireacht
- Scríbhneoireacht reiligiúnach
- Scríbhneoireacht ghairmiúil, oideachasúil nó acadúil

Más drámadóir thú, ba cheart duit iarratas a chur isteach faoi Amharclannaíocht.

**Ceol** - Ní mór duit iarratas a chur isteach mar ealaíontóir aonair nó mar chleachtóir aonair sna healaíona.

Ní thugaimid tacaíocht d'iarratais ó ghrúpaí, ó bhannaí ná ó ensemble.

Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar **ghníomhaíochtaí forbartha** chun do chleachtas sna healaíona a fhorbairt.

**Ceoldrámaíocht** - Níl aon tosaíochtaí ar leith ann.

**Ealaíona Sráide agus Seónna** - Ní mór duit a bheith i d'ealaíontóir aonair nó i do chleachtóir aonair sna healaíona a bhfuil ag iarraidh do chleachtas a uas-sciliú agus a fhorbairt i réimsí na Sráidealaíona agus Seónna. Féach sainmhínithe na bhfoirmeacha ealaíne thíos.

Tagraíonn na **Sráidealaíona** do thaibhiú amuigh faoin aer, de ghnáth ar an sráid, i spás poiblí nó i gcomhthéacs a fhreagraíonn don suíomh. Is iondúil a gcuirtear na Sráidealaíona i láthair saor in aisce agus, go minic, laistigh de chomhthéacs féile. D'fhéadfadh sorcas, seó, amharclannaíocht sráide, draíodóireacht, coiméide, puipéadóireacht nó damhsa a bheith san áireamh. D'fhéadfadh taibhiú foirm thaispeántas siúil, seó ciorcail nó tobsheó idirghníomhaíochta a ghlacadh a thagann aniar aduaidh ar an lucht féachana agus a théann i ngleic leo agus iad ag dul i mbun a saoil laethúil.

Tagraíonn **Seó** do thaibhiú feiceálach, a tharlaíonn de ghnáth amuigh faoin aer agus a chuirtear i láthair saor in aisce don phobal i gcomhthéacs féile nó paráide. Is iondúil a bhíonn flótaí ann i seónna, chomh maith le drámaí tóstail, struchtúir ar scála mór, puipéadóireacht, taibhiú promanáide agus ensembles grúpa a chomhcheanglaíonn feisteas, damhsa, amharclannaíocht, agus ceol le téama.

Níl feidhm aige seo ar mhúrealaíontóirí (ar cheart dóibh iarratas a chur isteach faoi na hAmharc-ealaíona) nó ar cheoltóirí buscála (ar cheart dóibh iarratas a chur isteach faoi Cheol).

**Na hEalaíona Traidisiúnta** - Is féidir leat iarratas a chur isteach i leith na nithe seo a leanas:

- Ceol, amhránaíocht agus damhsa traidisiúnta
- Na healaíona béil amhail seanchas, *agallamh beirte agus lúibíní*.

Más é ag taifeadadh nó ag foilsiú saothair é do phríomhghníomhaíocht, ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain Taifeadta agus Foilsithe Deis ina ionad sin.

**Amharclannaíocht** - Maidir leis an Amharclannaíocht, is d'fhorbairt ghairmiúil amháin í an Dámhachtain Lúfaireachta. Ní féidir le hiarratasóirí iarratas a chur isteach ar mhaithe a gcuid saothair a chur i láthair do lucht féachana.

- Is é an sainmhíniú atá ag an gComhairle Ealaíon ar Amharclannaíocht ná saothar drámaíochta nó saothar iardhrámaíochta arna thaibhiú ag aisteoirí os comhair lucht féachana beo sa spás nó san áit chéanna (agus d'fhéadfadh sé gur spás foirmiúil amharclannaíochta é seo nó nach ea).

Ba cheart go gcuimseodh sé gnéithe riachtanacha na hamharclannaíochta amhail taibhiú, móiminteam insinte agus teannas drámatúil. Ní chiallaíonn sé seo go gcaithfidh scéal inbhraite a bheith ann, per se, ach ní mór don saothar cloí leis na struchtúir leathana den tuiscint ghinearálta ar an amharclannaíocht bheo.

Ní áirítear go sonrach sa sainmhíniú seo tograí chun an méid seo a leanas a fhorbairt:

- Closdráma/drámaí raidió
- Taifeadadh podchraoltaí
- Taibhealaín nó ealaín bheo fhadtréimhseach
- Suiteálacha ealaíne
- Fuirseoireacht ar na boinn
- Imeachtaí amhail agallaimh phoiblí, cainteanna, nó léachtaí nach bhfuil nasctha agus atá sainiúil don saothar amharclainne féin i gcomhthéacs réamhléirithe nó iarléirithe
- Aon chineál taibhithe scannánaithe, ach amháin sa chás go bhfuil taibhiú os comhair lucht féachana beo á thaifeadadh le haghaidh craoladh beo agus/nó scaipeadh amach anseo, agus/nó sa chás go gcuireann treoir sláinte poiblí cosc ar fhreastal lucht féachana ag imeachtaí beo.

Tabhair faoi deara freisin, nach dtabharfar tosaíocht d'imeachtaí amharclannaíochta nuair nach ionann an phríomhfhoirm ealaíne agus amharclannaíocht (e.g. damhsa, ceol) agus/nó nach cleachtóirí amharclannaíochta iad na príomhthaibheoirí (e.g. damhsóirí, ceoltóirí) agus/nó i gcás gur cleachtas rannphairtíochta príomhfhócas an tsaothair, do mhaoiniú Amharclannaíochta, agus ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar dhámhachtainí na foirme ealaíne ábhartha atá ar fáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.artscouncil.ie.

---

**Na hAmharc-ealaíona** - Ní mór duit a bheith i d'ealaíontóir nó i do chleachtóir sna healaíona atá **ag cleachtadh do cheirde** agus atá ag iarraidh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí **forbartha.**

Ba cheart do do thogra **spriocanna ealaíonta nó forbartha gairmiúla soiléire** a léiriú.

---

**Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas (DÓLO)** - Níl aon fhócas ar leith ann.

Téigh i dteagmháil le agilityaward@artscouncil.ie má tá ceist ar bith agat faoin bhfoirm ealaíne nó faoin gcleachtas ealaíon faoinar mian leat iarratas a dhéanamh ina leith.

## 1.6 Cé na gníomhaíochtaí ar féidir maoiniú a fháil ina leith?

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar ghníomhaíochtaí a thugann tacaíocht do d'fhorbairt mar ealaíontóir. Seo a leanas liosta de roinnt samplaí a d'fhéadfadh a bheith ann de ghníomhaíochtaí:

- Do chleachtas a fhorbairt
- Scileanna teicniúla a fhorbairt agus/nó a fhoghlaim
- Scileanna nua a fhoghlaim maidir le do chleachtas
- Taighde a dhéanamh nó smaoineamh úr a fhorbairt do léiriú amach anseo
- Obair le meantóirí nó comhoibrithe chun do scileanna nó smaoineamh a fhorbairt
- Smaoineamh a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtí léiriúcháin féideartha

Cuirimid tograí san áireamh a bhfuil ina meascán gníomhaíochtaí.

## 1.7 Cad iad na costais ar féidir iarratas a dhéanamh orthu?

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar chostais a chlúdaíonn an méid seo a leanas:

- ✓ Do chuid ama féin mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon
- ✓ Luach saothair do mheantóir ar bith a chabhraíonn leat spriocanna do thogra a bhaint amach
- ✓ Luach saothair do dhuine aonair, d'eagraíocht nó do ghrúpa ar bith a théann i gcomhar leat ar do thogra
- ✓ Deiseanna oiliúna gairmiúla náisiúnta nó idirnáisiúnta (e.g. ceardlann nó máistir-rang) nach bhfuil baint acu le clár oideachais foirmiúil (e.g. céim nó céim máistir)
- ✓ Trealamh agus ábhair (lena n-áirítear bogearraí agus uirlisí ceoil) chun cabhrú leat do chleachtas a fhorbairt – ach ní féidir leis seo a bheith níos mó ná 15% den luach foriomlán a iarrann tú
- ✓ Costais rochtana bhreise do shaothair ó ealaíontóirí nó ó chleachtóirí ealaíon faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Tugann ár mbeartas Luach Saothair don Ealaíontóir achoimre ar an tiomantas seo don luach saothair agus don chonraitheoireacht chóir chothrom d'ealaíontóirí.

Agus tú ag smaoineamh ar tháille iomchuí a íoc leat féin nó le comhoibrí nó meantóir, molaimid dul i dteagmháil le heagraíochtaí acmhainne a bhaineann go sonrach le d'fhoirm ealaíne.

Is féidir liosta a fháil ar ár suíomh gréasáin Luach Saothair don Ealaíontóir d'eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne sna hearnála ealaíne éagsúla. Is féidir naisc a fháil freisin maidir leis na hacmhainní a chuireann siad ar fáil.

Ná hiarr méid atá níos lú ná an méid a theastódh chun do chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart an méid a íocfaidh tú leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú. Ba cheart dó táillí nó pá a chur san áireamh freisin d'aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa a bhfuil sé ar intinn agat comhoibriú leo.

Ba cheart go mbeadh an méid a shonraíonn tú mar íocaíocht duit féin agus d'aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa ag comhfhreagairt le staid do ghairmréime/a ngairmréime, nádúr do chleachtais/a gcleachtais, agus fad do thogra. Ba cheart go mbeadh sé iomchuí freisin do chaighdeáin na tionsclaíochta laistigh de do chleachtas ealaíon.

## 1.8 Cé na gníomhaíochtaí agus na costais nach féidir iarratas a chur isteach ina leith?

Ní féidir leat iarratas a chur isteach ar ghníomhaíochtaí a dhéanann an méid seo a leanas:

- ✗ Nach bhforbraíonn do chleachtas, scileanna ná saothar
- ✗ Atá níos oiriúnaí do dhámhachtainí eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon
- ✗ A ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu roimhe, ach amháin má thaispeánann tú go bhfuil forbairt substainteach tagtha ar do thogra
- ✗ A bhféadfadh tacaíochtaí eile gníomhaireachta rialtais nó poiblí tacú leo amhail Cultúr Éireann, Éire Ildánach, Fís Éireann, Fáilte Éireann, Údarás Craolacháin na hÉireann nó Comhairle Dearaidh & Ceardaíochta na hÉireann
- ✗ A reáchtáladh cheana féin

Ní féidir iarratas a chur isteach ar chostais i dtreo an méid seo a leanas:

- ✗ Oideachas foirmiúil, amhail cláir chéime (lena n-áirítear cinn ardoideachais neamhchreidiúnaithe nó staidéar)
- ✗ Táillí le haghaidh ardoideachais nó staidéir
- ✗ Táillí ballraíochta gairmiúla nó síntiúis bhliantúla amhail Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann, Ealaíontóirí Radharcacha Éire
- ✗ Mórchostais chaipitiúla, amhail feabhsú foirgneamh nó oibreacha athchóirithe

---

## 1.9 Cáipéisí tacaíochta riachtanacha

Ní mór duit na nithe seo a leanas a sholáthar:

- Do CV nó beathaisnéis iomlán (uaslódáilte mar dhoiciméad ar leith)
- Sampla amháin nó trí shampla de do chuid oibre a bhaineann le do thogra

I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh ort ábhar éigin eile a chur isteach mar atá leagtha amach sa liosta thíos.

- Má tá tú ag cur iarratas isteach ar chostais rochtana bhreise, ba cheart duit cáipéis ghearr a uaslódáil ina sonraítear do chostais rochtana. Faigh tuilleadh eolais maidir le tacaíocht d'iarratasóirí faoi mhíchumas.
- Má sholáthraíonn tú seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachais nó seirbhísí eile do leanaí nó do dhaoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois ní mór beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat.
    - Ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann nó nach mbaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo i gcuid 1.3 den fhoirm iarratais.
    - Má d'fhreagair tú 'Baineann' agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort a dheimhniú agus a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat chun maoiniú a fháil.
    - Beidh ort ár bhfoirm féin-iniúchta um chosaint leanaí a chomhlánú freisin chun maoiniú a fháil.
    - Le haghaidh tuilleadh eolais ar chumhdach leanaí agus Tús Áite do Leanaí, is féidir tagairt a dhéanamh ar shuíomh gréasáin Tusla (An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach).

- Má tá obair le daoine soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit a dhearbhú go gcloíonn tú leis an mBeartas & na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Soghonta atá i mBaol Mí-úsáide.
- Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip den cháipéis Beartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe de do chuid a chur ar fáil.

## 1.10 Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo

Ní bheimid ábalta a ghlacadh le d'iarratas sna cásanna seo a leanas.

1. Tháinig sé isteach tar éis an spriocdháta.
2. Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhí sonraithe.
3. Níor uaslódáil tú d'fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta trínár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne.
4. Níor chomhlíon tú na critéir maidir leis na daoine ar féidir leo iarratas a dhéanamh i gcuid 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a chur isteach?
5. Níor chuir tú d'ábhar tacaíochta riachtanach ar fáil. Ní mór duit do CV nó do bheathaisnéis iomlán a sholáthar chomh maith le sampla amháin nó trí shampla de do chuid oibre a bhaineann le d'obair. Féach ar chuid 1.9 Cáipéisí tacaíochta riachtanacha
6. Níor chuir tú d'ábhar tacaíochta ar fáil san fhormáid shonraithe. Féach ar chuid 2.5 Ullmhaigh ábhair tacaíochta.
7. D'iarr tú ar níos mó nó níos lú ná na méideanna ceadaithe. Más ealaíontóir nó cleachtóir ealaíon faoi mhíchumas thú áfach, is féidir leat costais rochtana bhreise a iarraidh. Féach ar chuid 1.11 Tacaíocht d'iarratasóirí faoi mhíchumas.
8. Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nó ar chostais nach bhfuil cumhdaithe ag an dámhachtain seo. Féach ar chuid 1.8 Cad iad na gníomhaíochtaí agus na costais nárbh fhéidir iarratas a chur isteach ina leith?
9. Tá d'iarratas níos oiriúnaí do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Cuirfimid an dámhachtain eile in iúl duit sa chás sin. Féach ar chuid 1.8 Cad iad na gníomhaíochtaí agus na costais nárbh fhéidir iarratas a chur isteach ina leith?

## 1.11 tacaíocht d'iarratasóirí faoi mhíchumas

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Má tá míchumas nó míchumais ort, féadfaidh tú costais bhreise a chur san áireamh chun cabhrú leat spriocanna d'iarratais a chomhlíonadh.

Costais rochtana a thugtar orthu seo.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear: *'Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas na daoine sin ar a bhfuil mallachair fhadtéarmacha de chineál fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach ar mallachair iad, nuair a nasctar iad le nithe eile, a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le cosc ar pháirteachas iomlán éifeachtach sa tsochaí ar an mbonn céanna le daoine eile.'*

Is é aidhm ár dtacaíochta costais rochtana ná fáil réidh le cuid de na bacainní atá ort mar gheall ar do mhíchumas/mhíchumais.

Seo a leanas roinnt samplaí féideartha de thacaíochtaí le haghaidh do ghníomhaíochtaí ar féidir leat a chur isteach orthu má theastaíonn siad uait:

- Ateangaire i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (ISL)
- Clóscríobhaí nó scríobhaí ar féidir leat do chuid smaointe a ordú dóibh
- Costais iompair má tá lagú gluaiseachta agat

**Tabhair faoi deara: Ní féidir** leat iarratas a chur isteach i leith costais rochtana i dtreo d'iarratais a chomhlánú.

**An t-eolas ba cheart a chur ar fáil**

Cuir an t-eolas seo a leanas ar fáil le d'iarratas:

1. Cruthaigh cáipéis ghairid ina dtugtar cur síos ar do chostais rochtana bhreise.

2. Cuir do chostais rochtana iomlána leis an méid maoinithe atá uait le haghaidh do thionscadal chun an méid iomlán maoinithe atá uait a fháil.

3. Cuir méid iomlán an mhaoinithe san áireamh i gcuid an bhuiséid de d'fhoirm iarratais.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil maidir leis an tacaíocht rochtana ar féidir leat a fháil ach teagmháil a dhéanamh linn.

- Ríomhphost: access@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200

---

## 1.12 Cabhair theicniúil a fháil agus iarratas á chur isteach

**Cúnamh teicniúil**
Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, gabh chuig na Ceisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/CAM/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

**Físeán faoi iarratas a dhéanamh**
Le hamharc ar ár dtreoir YouTube maidir le hiarratas a dhéanamh (11 nóiméad), gabh chuig an nasc seo: How to Download, Complete and Upload the Application Form (YouTube)

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d'iarratas á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ar na bealaí seo a leanas:

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200 or 01 618 0243

Déan aon saincheisteanna teicniúla a thuairisciú dúinn chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta (e.g. gan a bheith ábalta do dhoiciméid a uaslódáil).

- Déan cinnte go dtugann tú uimhir ghutháin dúinn.
- Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

**Tabhair faoi deara:** is minic a dhéantar anrud glaonna agus an spriocdháta ag druidim. B'fhéidir nach bhféadfaimis glaonna a réiteach maidir le tacaíocht theicniúil a fhaighimid tar éis 2.00pm ar an spriocdháta.

## 1.13 Cabhair a fháil ón bhFoireann Lúfaireachta

- Is féidir tuilleadh eolais a fháil amach maidir le hiarratas a chur isteach ar fhoirm ealaíne nó ar chleachtas ealaíon ar leith
- Seol do cheist i ríomhphost chuig agilityaward@artscouncil.ie chomh luath agus is féidir.

**Tabhair faoi deara:** mura seolann tú chugainn é chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta, seans nach mbeidh a dhóthain ama againn freagra a thabhairt duit.

# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

## 2 Sula gcuireann tú iarratas isteach

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

## 2 Sula gcuireann tú iarratas isteach

Ba cheart duit an chuid seo a léamh sula dtosaíonn tú ar d'iarratas.

Tá go leor comhairle mhaith ann chun cabhrú leat d'iarratas a chruthú in am agus ar an mbealach ceart.

## 2.1 Bris an próiseas iarratais ina chéimeanna

Molaimid an próiseas iarratais a bhriseadh suas sna céimeanna seo a leanas. Cabhróidh sé seo leat a chinntiú go gcríochnaíonn tú d'iarratas in am.

**1 Seiceáil má tá tú incháilithe don dámhachtain seo**
Ní dhéanaimid measúnú ach ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don dámhachtain seo.

Léigh codanna 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a chur isteach? agus 1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a chur isteach? (thuas) chun a chinntiú gurb é seo an dámhachtain cheart duit.

**2 Cláraigh lenár Seirbhísí ar Líne**
Ní mór duit a bheith cláraithe ar shuíomh gréasáin Sheirbhísí Ar Líne (OLS) na Comhairle Ealaíon chun iarratas a dhéanamh.

Cláraigh chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta. D'fhéadfadh sé **suas le cúig lá oibre** a thógáil dúinn chun do chlárúchán a phróiseáil.

**3 Téigh i dteagmháil le comhoibrithe féideartha**
Má tá sé ar intinn agat oibriú le comhoibrithe, déan teagmháil leo chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go gcomhlíonann tú an spriocdháta.

**4 Ullmhaigh do cháipéisí tacaíochta**
Ullmhaigh do cháipéisí chomh luath agus is féidir san fhormáid cheart.

**5 Cuir d'iarratas isteach ar OLS**

## 2.2 Cláraigh go luath i gcomhair cuntas Seirbhísí ar Líne

Ní féidir linn glacadh ach le hiarratais ar líne amháin don Dámhachtain Lúfaireachta. Teastaíonn cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS) uait chun d'iarratas a chur isteach.

**Tábhachtach**
Más iarratasóir nua thú, ba cheart duit clárú do do chuntas OLS chomh luath agus is féidir. **D'fhéadfadh sé suas le cúig lá a thógáil dúinn chun an próiseas clárúcháin a chomhlánú duit.**

Seolfaimid Uimhir Chlárúcháin Ealaíontóra uathúil (ARN) agus pasfhocal chugat le haghaidh do chuntais laistigh de chúig lá oibre

Má chláraigh tú le haghaidh OLS roimhe seo, ní gá duit clárú le haghaidh cuntas nua don iarratas seo. Ba cheart duit chuntas agus do ARN atá ann cheana a úsáid chun iarratas a chur isteach.

Chun do OLS a úsáid, ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh.

| | |
|---|---|
| **PC** | Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí<br>– e.g.. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| **Apple Mac** | Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí<br>– e.g.. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

## 2.3 Déan na bogearraí ar do ríomhaire a sheiceáil sula gcuirtear iarratas isteach

Ní mór duit ríomhaire deisce nó glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní féidir iarratas a chur isteach agus fón póca, táibléad nó gléas eile in úsáid agat.

Caithfidh tú Microsoft Word (Ríomhaire Deisce) nó OpenOffice Writer chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart duit a chinntiú go bhfuil ceann de na cláir seo suiteáilte agat ar do ríomhaire.

Bogearraí saor in aisce é OpenOffice Writer ar féidir leat é a íoslódáil ó leathanach íoslódáil oifigiúil OpenOffice. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le OpenOffice a úsáid chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú san fhíseán seo ón gComhairle Ealaíon.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí de OpenOffice Writer d'fhéadfaidh sé an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais a athrú nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad. D'fhéadfadh sé seo cosc a chur orainn iarratas a mheasúnú mar is ceart.

### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

- Má tá Mac agat leis an gcóras oibriúcháin Mac OS Mojave (10.14) nó níos luaithe, d'fhéadfadh an suíomh gréasáin OpenOffice a insint duit gur gá duit leagan 4.1.1 nó 4.1.2 a íoslódáil. Déan neamhaird den mholadh seo agus íoslódáil 4.0.1 ina ionad sin.
- Má tá Mac agat ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina (10.15) nó níos nuaí, ní bheidh tú ábalta OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil. Caithfidh tú leagan OpenOffice 4.1.11 nó níos nuaí a shuiteáil ina ionad.

Má bhíonn aon fhadhb agat le suiteáil nó le húsáid OpenOffice, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie chomh luath agus is féidir chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain ama againn chun cabhrú leat an cheist a réiteach.

## 2.4 Glac do chuid ama chun d'iarratas a ullmhú

Ba cheart duit go leor ama a fhágáil chun ullmhú do d'iarratas sula dtosaíonn tú. Déantar é seo ionas go mbeidh a dhóthain ama agat chun an t-iarratas is fearr is féidir a dhéanamh.

Déan cinnte go seiceáiltear go ndéantar an méid seo a leanas:

- Tá tú ag cur isteach ar an dámhachtain cheart
- Comhlíonann d'iarratas treoirlínte na Dámhachtana Lúfaireachta sa cháipéis seo
- á a dhóthain ama agat chun tascanna an iarratais uile a chomhlánú roimh an spriocdháta

Íoslódáil an fhoirm iarratais ó do chuntas Seirbhísí Ar Líne chomh luath agus is féidir ionas go mbeidh cur amach agat leis

Ba cheart duit an fhoirm iarratais a íoslódáil chomh luath agus is féidir tar éis an dáta oscailte, an 5 Márta.

Ba cheart aidhm a bheith agat d'iarratas a uaslódáil chuig OLS ocht n-uair an chloig is daichead ar a laghad roimh an spriocdháta, an 25 Aibreán. Ar an gcaoi sin, má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat, beidh am agat dul i dteagmháil linn agus bheimis in ann cuidiú leat.

**Tabhair faoi deara:** Is minic a bhíonn trácht trom ar shuíomh na Seirbhísí Ar Líne tráthnóna dheiridh an spriocdháta. Seans go dtógfaidh sé i bhfad níos faide ná mar is gnách do dhoiciméid a uaslódáil dá bharr. Go ginearálta, dá luaithe is féidir leat d'iarratas a chur isteach, is amhlaidh is fearr.

## 2.5 Ullmhaigh do chuid ábhair thacaíochta

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur san áireamh i dteannta le d'iarratas. Ní ghlacfaimid le haon ábhar tacaíochta ach ábhar a uaslódálann tú. Féach ar chuid 1.9 Cáipéisí tacaíochta riachtanacha Ní mór duit an d'ábhar tacaíochta ar fad a chur isteach ar líne i bhformáid leictreonach. Má tá ábhar agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ba cheart duit é a scanadh agus a shábháil le go mbeidh tú ábalta é a uaslódáil. Ba cheart duit do dhoiciméid tacaíochta go léir a chur isteach i gcomhaid ar leith freisin.

Déan an tábla thíos a sheiceáil chun na formáidí comhaid inghlactha ar féidir leat a úsáid mar chuid d'iarratas a fheiceáil. Ní féidir leat ach na cineálacha comhaid seo a chur isteach.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---:|
| Téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| Comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| Comhaid fuaime | .wav/.mp3/.m4a |
| Comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| Scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Adobe Acrobat Reader comhaid | .pdf |

**Leid:** is smaoineamh maith é do chomhaid go léir a bhailiú in aon fhillteán amháin ar do ríomhaire ionas gur fusa iad a uaslódáil trí chéile. Maidir le gach comhad ar mhaith leat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir a bhfuil ann nó a léirítear leis – e.g. ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar do shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Is smaoineamh maith é freisin d'ainm a chur san ainm comhaid.

| | |
|---|---|
| **Seo a leanas roinnt samplaí de chomhaid le hainmneacha soiléire le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell:** | iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc |
| | Gearrthóg taibhithe.mp4 |
| | Teimpléad buiséid de Thionscadal Ailtireachta.xls |

## 2.6 Bailigh aon naisc URL a theastaíonn uait a úsáid

Chun samplaí de do chuid oibre a sholáthar dúinn, is féidir leat iad a uaslódáil go díreach chuig Seirbhísí Ar Líne nó úsáid a bhaint as naisc URL (na seoltaí iomlána ina bhfuil d'ábhar) chuig ardáin sruthaithe.

Más mian leat naisc a úsáid, cóipeáil na URLanna isteach i ndoiciméad Microsoft Word, OpenOffice Writer nó PDF. Ansin, uaslódáil an doiciméad mar dhoiciméad a thacaíonn le nasc gréasáin sna Seirbhísí Ar Líne.

**Tábhachtach:** Ní féidir leat ach samplaí oibre a sholáthar trí URLanna a úsáid. Ní féidir leat do CV a sholáthar mar nasc – ní mór duit é a uaslódáil mar chomhad.

Ní ghlacaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Ardáin sruthaithe a chuireann teorainn le rochtain ar shíntiúsóirí íoctha
- Do shuíomh gréasáin pearsanta féin

Is samplaí áirithe d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

**Leideanna:**

- Ní féidir le measúnóirí úsáid a bhaint ach amháin as naisc URL a chuireann tú ar fáil. Déan cinnte go n oibreoidh gach nasc sheolann tú agus go dtabharfaidh na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart.
- Déan cinnte go socróidh tú ceadanna féachana d'ábhar go 'poiblí'. Ní bheimid in ann féachaint ar ábhair atá socraithe go 'príobháideach'.
- Más mian leat físeán YouTube a roinnt linn ach nach dteastaíonn uait go mbeadh an físeán poiblí, is féidir leat socrú príobháideachta d'fhíseáin a athrú go 'neamhliostaithe'.

## 2.7 Déan teagmháil le haon chomhoibritheoirí a luaithe is féidir

D'fhéadfaí go dtógfaidh sé tamaill le roinnt ábhar tacaíochta a fháil theastaíonn uait a chur i d'iarratas.

Má tá sé i gceist agat comhoibriú le heagraíochtaí, ealaíontóirí, meantóirí, comhpháirtithe léiriúcháin, nó daoine eile, téigh i dteagmháil leo chomh luath agus is féidir.

## 2.8 Freastail ar ár gclinicí ar líne

Reáchtálann foireann na Dámhachtana Lúfaireachta clinicí ar líne le linn na deise iarratais. Is féidir leat freastal ar na clinicí seo chun cabhair a fháil ónár bhfoireann Dámhachtain Lúfaireachta le haghaidh aon cheisteanna a bhféadfá a chur.

Is féidir leat a fháil amach cén t-am a bheidh na clinicí ar siúl ach ríomhphost a sheoladh chuig agilityaward@artscouncil.ie nó trí sinn a leanúint ar Twitter nó ar Instagram.

# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

## 3

## Comhlánaigh d'fhoirm iarratais

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

## 3.1 Conas freagra a thabhairt ar gach ceist

Tá treoir i ngach cuid den fhoirm iarratais chun cabhrú leat a fháil amach cad atá le cur san áireamh. Is féidir leat na leideanna thíos a úsáid freisin chun cabhrú leat na ceisteanna san fhoirm a fhreagairt.

Nuair a fhreagraíonn tú iad, smaoinigh ar an méid seo a leanas:

- Do chuntas teiste agus do chumas féideartha
- An chaoi a gcabhróidh do thogra leat scileanna agus smaointe nua a fhorbairt
- An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag do thionscadal (e.g. ar lucht féachana nó ar phobal)
- An chaoi a réitíonn do thogra le réimse do chleachtais.
- Cé chomh inoibrithe agus atá do thogra (e.g. más féidir do thionscadal a chur i gcrích laistigh den bhuiséad agus den fhráma ama a moltar)

Ní mór duit gach cuid a leanas den fhoirm iarratais a chomhlánú.

### 1 Eolas ginearálta

1.1 Cuir d'ainm agus do ARN ar fáil

1.2 Abair linn más féidir linn dul i dteagmháil leat maidir le gnó eile de chuid na Comhairle Ealaíon.

1.3 Dearbhaigh go bhfuil tú incháilithe iarratas a chur isteach?

1.4 Comhlánaigh an dearbhú um chosaint leanaí.

1.5 Roghnaigh foirmeacha ealaíne/cleachtais ealaíon breise ar bith a bhaineann le d'iarratas.

1.6 Roghnaigh céim do ghairmréime.

1.7 (Roghnach) Cuir eolas ar fáil dúinn maidir le comhionannas agus éagsúlacht fút féin ar más mian leat.

### 2 Maidir leat féin agus le do thogra

2.1 Inis dúinn fút féin.

2.2 Déan achoimre ar do thogra.

2.3 Tabhair tuilleadh sonraí dúinn maidir le do thogra.

2.4 Liostaigh príomhghníomhaíochtaí do thogra.

2.5 Liostaigh comhoibrí ar bith a bhfuil sé ar intinn agat oibriú leo.

## 3 Caiteachas, ioncam agus an méid atá á iarraidh

3.1 Liostaigh aon chaiteachas a mbeidh súil agat leis mar chuid de do thogra.

3.2 Liostaigh aon ioncam a mbeidh súil agat leis mar chuid de do thogra.

3.3 Cuir isteach an méid maoinithe atá á lorg agat.

## 4 4. Ábhar tacaíochta

Bain úsáid as an seicliosta chun cabhrú leat a chinntiú go bhfuil an t-ábhar tacaíochta riachtanach ar fad curtha isteach agat.

# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

## 4 Cuir d'iarratas isteach

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

the arts council an chomhairle ealaíon

# 4 Cuir d’iarratas isteach

Tar éis duit d’fhoirm iarratais a chomhlánú, féadfaidh tú na céimeanna thíos a leanúint chun í a uaslódáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí Ar Líne agus í a chur isteach.

## 4.1 Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d’iarratas

1. Téigh chuig leathanach logála isteach na Seirbhísí Ar Líne.
2. Logáil isteach chuig do chuntas.
3. Cliceáil **Déan Iarratas** ag bun an leathanaigh.

## 4.2 Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil

1. Faoi **Dearbhú aitheantais**, seiceáil go bhfuil na sonraí teagmhála cruinn.
2. Má tá siad cruinn: cuir tic leis an ticbhosca in aice le **Dearbhaigh go bhfuil do chuid sonraí cruinn**
3. Muna bhfuil siad cruinn: cliceáil **An gá duit do phróifíl a nuashonrú?** agus déan do shonraí teagmhála a uasdátú.
4. Cliceáil **Ar Aghaidh.**

## 4.3 Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air

1. Faoi Roghnaigh clár maoinithe, roghnaigh Dámhachtain Lúfaireachta trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas Maoiniú.
2. Faoi Dámhachtain atá Ar Fáil, roghnaigh an fhoirm ealaíne nó an cleachtas ealaíon ábhartha.
3. Cuir ainm isteach le haghaidh d'iarratais sa réimse Do thagairt.
4. Cliceáil Íoslódáil foirm iarratais chun an fhoirm a íoslódáil don dámhachtain seo. Faigh tuilleadh eolais maidir le d'fhoirm iarratais a chomhlánú.
5. Cliceáil Ar Aghaidh.

   **Tabhair faoi deara:** agus an fhoirm á comhlánú agat, d'fhéadfaí go logáilfear amach thú ón OLS. Is féidir leat síniú isteach arís chun leanúint ar aghaidh le d'iarratas a chur isteach.

## 4.4 Cuir méid an mhaoinithe a iarradh isteach

1. Faoi **An méid atá á iarraidh san iarratas,** cuir an méid ba mhaith leat a iarraidh, an t-ioncam iomlán a bhfuil tú ag súil leis, agus an caiteachas iomlán a bhfuil tú ag súil leis.
2. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán.**
3. Ba cheart go mbeadh an méid a chuireann tú isteach anseo mar an gcéanna leis an méid a chuir tú isteach i gcuid 3 den fhoirm iarratais.
4. Cliceáil **Ar Aghaidh.**

## 4.5 Uaslódáil do cháipéisí agus cuir d'iarratas isteach

1. Faoi **Uaslódáil foirm iarratais**, cliceáil **Roghnaigh Comhad.**
2. Roghnaigh d'fhoirm iarratais ón áit ar shábháil tú í ar do ríomhaire.
3. Cliceáil Uaslódáil Tabhair faoi deara: Má fheiceann tú teachtaireacht a deir Ní féidir an fhoirm a uaslódáil, déan iarracht d'fhoirm iarratais a shábháil mar chomhad .doc agus déan í a uaslódáil arís. Mura féidir leat í a uaslódáil fós, téigh i dteagmháil linn.
4. Faoi **Uaslódáil ábhar tacaíochta**, roghnaigh an cineál doiciméid ar mhaith leat a uaslódáil trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas.
5. (Roghnach) Cuir nóta ann chun cur síos a dhéanamh ar an ábhar atá á uaslódáil agat.
6. Cliceáil **Brabhsáil.** Tábhachtach: Ná roghnaigh 'Postáil doiciméad'.
7. Roghnaigh an comhad ábhair tacaíochta ó do ríomhaire.
8. Cliceáil **Uaslódáil**
9. Déan céimeanna 4-8 arís le haghaidh gach ceann de d'ábhair tacaíochta.
10. Cliceáil **Ar Aghaidh.**
11. Déan na sonraí faoi d'iarratas a sheiceáil go cúramach.
12. Faoi **Dearbhú**, cuir tic leis an ticbhosca in aice le **Aontaím leis an dearbhú thuas.**
13. Cliceáil **Cuir isteach.**

**Tabhair faoi deara:**

- Cliceáil Sábháil Dréacht tráth ar bith chun d'iarratas a shábháil gan é a chur isteach.
- Is féidir leat teacht ar ais chuig d’iarratas agus athruithe a dhéanamh air go dtí go gcuirfidh tú isteach é.
- Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, ní bheidh tú ábalta aon athruithe eile a dhéanamh. Athbhreithnigh d’fhoirm iarratais go cúramach sula seolfaidh tú isteach é.
- Má thugann tú faoi deara go bhfuil botún déanta agat tar éis duit d’iarratas a chur isteach, téigh i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir.

**An bhfuil tacaíocht uait?**

Déan teagmháil linn má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d’iarratas á chur isteach agat

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200 or 01 618 0243

Ní féidir linn tacaíocht theicniúil a ghealladh duit má chuireann tú glaoch tar éis 2.00pm ar an dáta deiridh.

# Dámhachtain Lúfaireachta 2024

| 5 | Tar éis duit iarratas a chur isteach – Céard a tharlaíonn ansin? |
| --- | --- |

**Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas:**
5.30pm *(Am na hÉireann)*,
**Déardaoin an 25 Aibreán 2024**

the arts council
an chomhairle ealaíon

# 5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – Céard a tharlaíonn ansin?

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú an méid seo a leanas:

1. Ríomhphost láithreach chun a chur in iúl duit go bhfuaireamar d'iarratas.

2. An dara ríomhphost cúpla nóiméad ina dhiaidh sin le d'uimhir iarratais. **Tabhair faoi deara:** Muna bhfaigheann tú an ríomhphost seo, téigh i dteagmháil linn chomh luath agus is féidir.

3. Tríú ríomhphost laistigh de dhá nó trí seachtaine a inseoidh duit an t-am a bhféadfaidh tú a bheith ag súil le cinneadh faoi d'iarratas.

4. Ríomhphost laistigh de dhá sheachtain déag go cúig seachtaine déag a inseoidh duit má éirigh le d'iarratas. É sin ráite, braitheann an t-achar ama ar líon na n-iarratas a fhaighimid.

**Tabhair faoi deara:** muna bhfaigheann tú an ríomhphost seo uainn, téigh i dteagmháil linn ag onlineservices@artscouncil.ie chomh luath agus is féidir.

## 5.1 An chaoi a ndéanaimid cinntí

Déanann an Chomhairle Ealaíon measúnú ar gach iarratas incháilithe a fhaighimid. Déanaimid cinntí maidir leis na hiarratais seo agus cuirimid ár gcinntí in iúl d'iarratasóirí de réir ár nósanna imeachta.

Is é an t-aidhm atá againn a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le maoiniú a bhronnadh.

Próiseálaimid na hiarratais go léir a fhaighimid mar seo a leanas:

1. Admhaímid an t-iarratas trí ríomhphost.

2. Déanaimid an t-iarratas a sheiceáil i leith a incháilitheachta. Téann gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe. Cuirimid gach iarratasóir neamh-incháilithe ar an eolas trí ríomhphost.

3. I roinnt cásanna, d’fhéadfaimis a bheith den bharúil go mb’fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. Sna cásanna sin, rachaimid i dteagmháil leat agus fiafróimid díot má tá tú sásta linn maidir le d’iarratas a bhogadh chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Is féidir leat rogha a dhéanamh ansin é a bhogadh nó é a fhágáil mar atá sé.

4. Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú ar an iarratas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe agus ár bpróiseas scórála.

5. Déanann an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú ar mholtaí na measúnóirí uile agus déanann sé cinntí maidir le dámhachtainí maoinithe.

6. Cuirimid na cinntí in iúl trí ríomhphost d'iarratasóirí.

## 5.2 An chaoi a ndéanaimid measúnú ar d’iarratas

Is speisialtóirí iad ár measúnóirí i gcineálacha ealaíne agus réimsí cleachtais ealaíon éagsúla. Má dhíríonn d’iarratas ar fhoirm ealaíne nó réimse cleachtais aonair, beidh foireann amháin measúnóirí ann a dhéanfaidh athbhreithniú ar d’iarratas.

Má dhíríonn d’iarratas ar dhá fhoirm ealaíne nó réimse cleachtais nó níos mó, d’fhéadfadh níos mó ná measúnóir amháin a bheith páirteach ann.

Déanfar d’iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

- Caighdeán ealaíonta
- Indéantacht (an féidir leat an tionscadal a sheachadadh)
- Cuspóir na dámhachtana a chomhlíonadh

Tá dámhachtainí na Comhairle Ealaíon iomaíoch. Déanaimid iarratais a mheas sa chomhthéacs iomaíoch seo agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil ag iarratasóirí.

**Caighdeán ealaíonta (an tríú cuid de na marcanna)**

Déanfar measúnú ort de réir na gcritéar seo a leanas:

- Do chuntas teiste agus do chumas féideartha de réir do CV nó do bheathaisnéis nó ábhair tacaíochta eile
- Caighdeán do thogra – lena n-áirítear uaillmhian, úrnuacht agus scil
- An chaoi a réitíonn do thogra le d'fhoirm ealaíne nó réimse do chleachtais.

Má tá comhoibritheoirí, meantóirí, comhpháirtithe nó eagraíochtaí tacaíochta ar bith i gceist le do thionscadal, breithneoimid ar chaighdeán na tacaíochta ar féidir leo a sholáthar mar a léirítear i d'iarratas.

**Féidearthacht (an tríú cuid de na marcanna)**

Déanfar measúnú ort de réir na gcritéar seo a leanas:

- Do chumas na gníomhaíochtaí a leagann tú amach a sheachadadh san achar ama atá beartaithe
- Oiriúnacht comhoibrithe, meantóirí, comhpháirtithe nó eagraíochtaí tacaíochta ar bith a luann tú i d'iarratas

**Cuspóir na dámhachtana (an tríú cuid de na marcanna)**

Déanfar measúnú ort de réir na gcritéar seo a leanas:

- Cé chomh maith agus a shásaíonn do thogra cuspóir na dámhachtana
- Cé mhéad tairbhe a bhainfeadh do chuid saothair/cleachtais /scileanna as an ngníomhaíocht atá beartaithe

## 5.3 Próiseas scórála

Déanfaidh na measúnóirí measúnú ar gach iarratas le haghaidh na Dámhachtana Lúfaireachta ach leas a bhaint as córas scórála. Léirítear sa chóras sin go ndéanann siad meastóireacht agus scóráil ar d'iarratas in aghaidh gach ceann de na trí chritéar measúnaithe. Léirítear sna scóir an chaoi a gcinneann measúnóirí cé chomh maith agus a shásaíonn d'iarratas gach critéar.

Bronnaimid maoiniú ar na hiarratasóirí a fhaigheann an scór is airde i ngach foirm ealaíne/cleachtas ealaíon de réir an bhuiséid atá ar fáil.

Tá sé mar aidhm againn an méid iomlán maoinithe a iarrtar le haghaidh iarratas rathúil a sholáthar.

Déanfaidh measúnóirí measúnú ar iarratais trí leas a bhaint as:

- A gcuid saineolais gairmiúil bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar san iarratas
- A gcuid eolais ar aon chuid de do shaothar san fhearann poiblí
- A gcuid saineolais ar réimse na n-ealaíon go ginearálta
- An comhthéacs iomaíoch ina ndéantar meastóireacht ar gach iarratas

Baineann measúnóirí leas as córas scórála idir 0–6, inarb eisceachtúil é an scór 6. Féadfaidh siad scór a bhronnadh don 0.5 is gaire (leathphointe).

Déanann an tábla thíos cur síos ar na scóir agus ar a bhfuil i gceist leo.

| **Scór uimhriúil** | **Tuairisc ar scór** | **Míniú** |
|---|---|---|
| **6.0** | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar measúnaithe go rí-shoiléir agus go han-mhaith san iarratas. |
| **5.5** | | Ag barr 'Sármhaith'. |
| **5.0** | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar measúnaithe go sochreidte agus go rathúil san iarratas. |
| **4.5** | | Ag barr "Go hAn-Mhaith". |
| **4.0** | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar measúnaithe go han-mhaith san iarratas. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| **3.5** | | Ag barr 'Go Maith'. |
| **3.0** | Go maith | Pléitear an critéar measúnaithe go maith san iarratas. |
| **2.5** | | Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith" |
| **2.0** | Maith go leor | Pléitear an critéar i dtéarmaí leathana san iarratas. |
| **1.5 or below** | Níl sé incháilithe | Níor thug tú a dhóthain faisnéise mionsonraithe dúinn chun measúnú a dhéanamh de réir an chritéir mheasúnaithe. |

Má fhaigheann d'iarratas scór **1.5** nó níos ísle in aghaidh **aon** chritéar measúnaithe, ní bhreithneofar é le haghaidh maoinithe.

Ciallaíonn sé sin, fiú má tá scór iomlán níos airde ag d'iarratas ná iarratais eile, ní dhéanfar é a mhaoiniú má fhaigheann sé scór 1.5 nó níos ísle i leith aon chritéar measúnaithe.

## 5.4 Scór breise d'iarratasóirí nach raibh maoinithe ag an gComhairle Ealaíon roimhe seo

Díríonn Dámhachtain Lúfaireachta 2024 go sonrach ar iarratasóirí nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon roimhe seo mar dhuine aonair. Áirítear i samplaí de dhámhachtainí aonair an Dámhachtain Lúfaireachta, an Dámhachtain Sparánachta agus Dámhachtain Markievicz.

Chun seo a dhéanamh, cuirfimid scór breise de 2.0 le scór measúnaithe foriomlán aon iarratas incháilithe ó iarratasóirí nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon roimhe seo mar dhuine aonair.

Is é is aidhm leis an scór breise seo a chinntiú go n-éireoidh le líon níos airde iarratasóirí nár mhaoinigh an Chomhairle Ealaíon roimhe seo i nDámhachtain Lúfaireachta 2024.

## 5.5 Sampla d'iarratas a scóráil

Taispeántar sa tábla thíos sampla den chuma a d'fhéadfadh a bheith ar thacar iomlán scór le haghaidh iarratais.

| **Na critéir** | **Scór** |
|---|---:|
| Caighdeán ealaíonta | 5.0 as 6 |
| Indéantacht | 4.5 as 6 |
| Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh | 3.5 as 6 |
| Scór breise d'iarratasóirí nach bhfuair maoiniú roimhe seo | 2.0 as 2.0 |
| **Scór iomlán** | **15.0 as 20** |

- Maidir le 'caighdeán ealaíonta', b'ionann scór an iarratais agus 5.0 as scór féideartha 6.0.
- Maidir le 'féidearthacht', b'ionann scór an iarratais agus 4.5 as scór féideartha 6.0.
- Maidir le 'cuspóir agus tosaíocht na dámhachtana a chomhlíonadh', b'ionann scór an iarratais agus 3.5 as scór féideartha 6.0.
- Ní bhfuair an t-iarratasóir seo maoiniú mar dhuine aonair ag an gComhairle Ealaíon roimhe seo – ar an gcúis sin, faigheann an t-iarratas seo scór breise de 2.0
- B'ionann scór iomlán an iarratais seo agus 15.0 as scór iomlán féideartha 20.0.

## 5.6 Cad a tharlaíonn sa chás go n-éiríonn le d'iarratas?

- Seolfar ríomhphost chugat uainn ag insint duit go raibh rath ort
- Ní mór duit glacadh le do thairiscint mhaoinithe trí do chuntas OLS

## 5.7 Cad a tharlaíonn mura n-éireoidh le d'iarratas?

- Seolfar ríomhphost chugat uainn ag insint duit nach raibh rath ort.

## 5.8 Achomharc a dhéanamh

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maoinithe.

Lean na céimeanna seo chun achomharc a dhéanamh agus chun a thuiscint conas a dhéantar cinntí achomhairc:

1. Téigh i dteagmháil linn chun labhairt maidir leis an gcúis le d'achomharc.

2. Scríobh chuig Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon mura réitítear d'fhadhb tar éis duit teagmháil a dhéanamh linn agus más mian leat achomharc a dhéanamh i gcoinne do chinnidh.
    - Ní mór duit scríobh chuig an Stiúrthóir laistigh de cheithre seachtaine oibre tar éis fógra a fháil.
    - Cuir na cúiseanna ar leith in iúl nó cuir fianaise atá agat ar fáil chun tacú le d'achomharc.

3. Buailfidh comhaltaí na Comhairle Ealaíon le chéile chun d'achomharc a phlé laistigh de choicís tar éis dóibh do litir chuig an Stiúrthóir a fháil. De ghnáth, déanfaidh siad cinneadh laistigh de mhí tar éis dóibh d'achomharc a phlé. Ní bheidh aon dul thar chinneadh na Comhairle ag an gcéim sin.

4. Inseofar duit faoi chinneadh na Comhairle Ealaíon maidir le d'achomharc laistigh de sheacht lá oibre ón gcruinniú achomhairc.

Ríomhphost: appealsandcomplaints@artscouncil.ie
Teil: + 353 1 618 02 00